# Áit, Spás & Daoine

Creat beartais nua **ón gComhairle Ealaíon** le haghaidh **cothromas soch-spásúil** sna **healaíona.**

the arts council
an chomhairle ealaíon

# Fís

Is í an fhís atá againn ná tír ina bhfuil an deis ag gach duine na healaíona agus cultúr a chruthú, dul i ngleic agus páirt a ghlacadh iontu agus taitneamh a bhaint astu, beag beann ar cé hiad féin, cá bhfuil siad ina gcónaí nó cén obair atá acu.

# Réamhrá

# 01

Tá an creat beartais seo bunaithe ar straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon dar teideal *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (MGAW)* agus tógann sé ar na cúig cholún atá sa straitéis sin le béim ar leith ar an sprioc maidir le *Spás agus Déimeagrafach* agus spriocanna maidir leis *an Ealaíontóir agus Rannpháirtíocht an Phobail.*

**In MGAW (2016–2025) luaimid:**
*Faoi cheann deich mbliana, táimid ag iarraidh go mbeidh seasamh idirnáisiúnta na hÉireann mar cheannaire sna healaíona láidrithe ag ár dtiomantas do ghlúine nua d'ealaíontóirí uaillmhianacha, nuálacha. Cuirfidh beocht na n-ealaíon ar fud na tíre agus inár bpobail éagsúla le beartas cultúrtha náisiúnta agus beidh tionchar aici ar obair níos leithne an rialtais láir agus an rialtais áitiúil.*

Is é atá inár bhfís ná Éire ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus i sainionaid ar fud na tíre.

Cé go mbunaíonn *MGAW* na comhordanáidí trína dtreoróidh an Chomhairle Ealaíon forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016–2025, táimid tar éis gealltanas a thabhairt go bhfoilseoidh muid pleananna agus beartais níos mionsonraithe chun an fhorbairt sin a threorú. Ligeann sé seo dúinn agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile comhthéacs timpeallacha, atá ag athrú go tapa, a chur san áireamh, mar a tharla go háirithe leis an ngéarchéim sláinte poiblí ó 2020.

**Is treoir amháin den sórt sin é an creat beartais spásúil seo, a:**

- Chuireann fís shoiléir maidir lenár n-uaillmhian le haghaidh cothromas soch-spásúil níos mó as seo go ceann cúig bliana.
- Leagann amach tosaíochtaí spásúla na Comhairle Ealaíon as dáileadh cothrom ár n-infheistíochta sna healaíona a chinntiú sa tréimhse seo.
- Bhogann an Chomhairle Ealaíon chuig timpeallacht anailíseach soch-spásúil.
- Aithníonn na príomhréimsí polasaí pleanála agus fáis ina bhfuil ról suntasach le himirt ag na healaíona.
- Bheartaíonn tógáil ar ár bpríomhpháirtíocht reatha leis an rialtas áitiúil agus le comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a fhorbairt chun cuspóirí beartais a sholáthar.

## ÁIT

Tuigeann an beartas seo áit mar shuíomhanna fisiceacha sonracha ina bhfuil lonnaíochtaí daonna déanta agus aithníonn sé freisin na tuiscintí níos casta d’áit mar áiteanna a chruthaíonn agus a thugtar brí le hidirghníomhaíocht dhaonna agus neamhdhaonna leis (agus dearcthaí de) na suíomhanna sin. Tuigimid áiteanna le bheith dinimiciúil agus sofhreagrach d’athrú leanúnach agus a bheith nasctha go dlúth le féiniúlacht aonair agus chomhchoiteann. Is mar gheall air seo a chreidimid go bhfuil na healaíona agus léiriú cultúrtha lárnach maidir leis an mbrí atá in áiteanna a chruthú, agus na smaointe a bhaineann le haitheantas agus comhfhorbairt áite a chruthú.



**Holger Lonze 2 Poetry Day Church Island,**
*2019,*
Grianghrafadóir: Valerie Ó Sullivan
Áit: Church Island, Iveragh Peninsula

# Comhthéacs

# 02

Tógann an polasaí seo ar bhlianta fada oibre atá déanta ag an gComhairle Ealaíon, ag tosú sna 1970idí agus ag leanúint go dtí an lá atá inniu ann, a rinne iarracht aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le cothromas tíreolaíoch agus sóisialta. Baineann sé seo le clár níos leithne an bheartais phoiblí atá treoraithe ag an gCreat Pleanála Náisiúnta, *Tionscadal Éire 2040* agus óna ndíorthaítear ionstraimí agus straitéisí eile (mar shampla, an Plean Forbartha Náisiúnta, forbairt contaetha agus réigiúnach, *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021–2025*). Tá cuntas iomlán faoi chúlra na bhforbairtí beartais le fáil in Aguisín den cháipéis seo.

### TIMPEALLACHT SHOCH-THÍREOLAÍOCH ATÁ AG ATHRÚ

Tá an ghéarchéim sláinte poiblí, a thosaigh in 2020, tar éis athrú gan fasach a dhéanamh ar an mbealach ina mbímid ag maireachtáil agus ag obair agus ar an mbealach a gcruthaítear, a dtéitear i ngleic le agus a mbaintear sult as na healaíona. Chomh maith le teacht aniar iontach agus aclaíocht a léiriú chun freagra a thabhairt ar an ngéarchéim seo, a raibh tionchar mór aige ar na healaíona beo, léirigh an earnáil ealaíon cruthaitheacht inmholta chun réitigh a aimsiú ar an gcaoi a ndéantar, a gcuirtear i láthair agus a dtéitear i ngleic le saothar ealaíontóirí.

Go huilíoch, táimid go léir ag athshamhlú na mbealaí ina mairimid, ina mbímid ag obair agus ina mbímid ag dul i ngleic lena chéile. Trí chianobair agus rannpháirtíocht dhigiteach, tá athrú suntasach déanta againn ar an tuiscint atá againn ar áit agus ar spás de réir mar a bhaineann siad lenár saol agus conas a théann muid fúthu. Chomh maith le bealaí a aimsiú chun dúshláin nua a chomhlíonadh, tá féidearthachtaí agus deiseanna nua aitheanta againn le bheith ag obair agus ag dul i ngleic leis an réimse poiblí. Tá beartas an Rialtais ag tacú go gníomhach le samhlacha nua oibre a chinntíonn nach bhfuil an suíomh ar cheann de na príomhrudaí a rialaíonn go mbeidh rochtain agat ar dheiseanna.

Chomh maith le himpleachtaí a bheith aige maidir le conas a fheidhmíonn an Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta, d'fhéadfadh sé seo athrú suntasach paraidímeach a bheith aige ar ealaíontóirí agus ar eagraíochtaí ealaíon maidir leis an áit ina bhfuil siad suite, an áit ina n-oibríonn siad, agus cá háit a ndéantar saothar agus a gcuirtear i láthair é. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama chun tionchar iomlán na paindéime a thuiscint agus an t-athrú a thug sé a thuiscint, dá bhrí sin tá prionsabail an bheartais seo deartha chun ligean don Chomhairle Ealaíon a bheith sofhreagrach agus solúbtha, lena chinntiú gur féidir linn tacú le hathruithe déimeagrafacha, cultúrtha agus spásúla mar a fhorbraíonn siad sin.

In ainneoin na géarchéime sláinte poiblí, tá Éire ag dul faoi thréimhse ina mbíonn athruithe diana ag tarlú go tapa maidir le bonneagar feabhsaithe agus pleanáil uirbeach, ach níos tábhachtaí fós ar leibhéal na sochaí maidir le hathruithe déimeagrafacha i bpróifíl daonra, agus ár n-iompraíochtaí agus ár ndearcthaí. Déanfaidh an creat beartais seo iarracht glacadh leis an athrú sin agus a chinntiú go bhfuil na healaíona agus an cultúr mar chuid lárnach de gach gné den fhás agus den fhorbairt sin.

## CÉ DÓ É SEO?

Déanfaidh an creat seo eolas d'obair na Comhairle Ealaíon agus dár bpáirtithe leasmhara maidir leis na healaíona a sholáthar – ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, údaráis áitiúla, soláthraithe cultúrtha poiblí eile, agus earnáil na n-ealaíon tráchtála.

Feicimid freisin é mar acmhainn chriticiúil chun eolas a chur ar ghrúpa níos leithne páirtithe leasmhara atá freagrach as beartas poiblí a sholáthar, agus tionchar a imirt orthu, áit a bhfuil féidearthacht agus deis shuntasach ann chun na healaíona agus an cultúr a leabú le chéile a thuilleadh – údaráis áitiúla, údaráis réigiúnacha, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí, earnáil an oideachais srl.

I ndeireadh na dála, is rud é seo atá ar fáil d'aon duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu ar thosaíochtaí na Comhairle Ealaíon agus iarracht á déanamh acu cothromas soch-spásúil níos mó a bhaint amach agus bealach chun muid a thabhairt chun cuntais chun é sin a dhéanamh.





**Ardnakinna Lighthouse,**
*2021,*
Grianghrafadóir: Joleen Cronin
Áit: BereIsland

# Ráiteas Beartais

03



**Dance2Connect,**
*2021, Jessie Thompson,*
Grianghrafadóir: Jacek Snochowski
Áit: Skerries, Dublin

*Múnlaíonn na healaíona muid agus tugann siad dúshlán dúinn, tugann siad pléisiúr dúinn, cuidíonn siad linn eolas a chur orainn féin agus ar an áit a bhfuilimid ag dul: is gné riachtanach dár dtuiscint agus dár gcomhrá í a gcumhacht chruthaitheach. (MGAW 2016–2025)*

Feicimid léiriú cruthaitheacha mar chuid bhunúsach dár gcine daonna agus is mian le hÉirinn a bheith ina tír ina bhfuil daoine in ann a gcearta a fheidhmiú go muiníneach le léiriú agus rannpháirtíocht chruthaitheach agus chultúrtha, le cáilíocht na beatha níos saibhre, níos ilghnéitheacha a bheith mar thoradh air seo.

Is mian linn céimeanna nua a thógáil chun a chinntiú go dtabharfar guth níos láidre do dhaoine óga maidir lena gcearta cultúrtha agus chun éileamh gan fasach a chruthú, agus deis a thabhairt do dhaoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon i ngach sráidbhaile, baile agus cathair in Éirinn.

Agus muid uaillmhianach le haghaidh athrú forásach, ba mhaith linn fianaise inláimhsithe a fheiceáil maidir leis an bhfreastal a dhéanann na healaíona, a fhaigheann tacaíocht go poiblí, a leathnú go mór le daoine agus le háiteanna nua. Ina theannta sin, ba mhaith linn athrú i mbeartas poiblí a fheiceáil a chuireann na healaíona agus an cultúr i lár an aonaigh do gach réimse de bheartas poiblí, pleanáil agus forbairt in Éirinn.

Creidimid go bhfuil comhoiriúnacht iomlán idir ár bpríomhchuspóirí spásúla do na healaíona agus raon polasaithe rialtais, go háirithe iad siúd a cuireadh in iúl in *Project Ireland 2040*, agus *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021–2025* agus trí thionscnaimh amhail Town Centres First agus an Night-time Economy Task force. Táimid ag súil le bheith ag obair i gcomhar le comhghleacaithe inár máthair Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) chomh maith le raon ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile chun a chinntiú go gcuireann ionchur na n-ealaíon le príomhchuspóirí beartais a bhaint amach go ciallmhar.

Ag tógáil ar ár bpríomhchomhpháirtíocht leis an rialtas áitiúil, mar a léirítear trínár meabhrán tuisceana dar teideal *Creatlach don Chomhoibriú*, ba mhaith linn a bheith ag obair go straitéiseach i réimsí eile ar nós pleanáil spásúlachta, dearadh uirbeach, forbairt phobail agus eacnamaíoch, agus cuimsiú sóisialta chun an fhéidearthacht mhór a bhaineann le leabú na n-ealaíon agus an chultúir ar bhealach níos deimhne i bhforbairt áitiúil agus réigiúnach.

Thar aon ní eile, creidimid go bhfuil ról mór le himirt ag na healaíona maidir le cruthú na n-áiteanna agus na spásanna ina bhfuil daoine ina gcónaí agus ina n-oibríonn siad, bíodh sé sin go fisiciúil trí dhearadh ailtireachta agus pleanáil uirbeach ar ardchaighdeán a chinntiú nó ar leibhéal níos doimhne trí bhrí níos saibhre a chur le hidirghníomhaíochtaí daoine le háiteanna agus le spásanna. Creidimid go bhfuil nasc nádúrtha idir na próisis a bhaineann le healaíon a chruthú agus nádúr dinimiciúil agus sofhreagrach na n-áiteanna, a stair chasta agus an todhchaí atá in ann dóibh.

Tá ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon lárnach chun bealaí nua agus níos doimhne a shamhlú, a threorú agus a spreagadh chun breathnú ar an domhan atá timpeall orainn agus dul i ngleic leis, agus ba mhaith linn a chinntiú go dtacaíonn tíreolaíocht leis na deiseanna atá acu saothar ealaíne a tháirgeadh, seachas a bheith ina constaic. Creidimid freisin i gcruthaitheacht atá le sonrú i ngach duine agus ba mhaith linn a chinntiú go mbainfidh siad taitneamh as a gcearta cultúrtha chun ligean don chruthaitheacht sin a bheith faoi bhláth agus chun dul i ngleic le healaíona agus le cultúir eile, beag beann ar an áit ina bhfuil siad ina gcónaí.




**First Fortnight Festival 2021**
*2020, Rainbow Over Your Blues by ADW,*
Grianghrafadóir: Conor Mc Cabe

# Luachanna / Prionsabail atá mar bhonn taca

04

**Déanann na príomhphrionsabail seo a leanas eolas do na gníomhaíochtaí beartais go léir a fhorbraítear agus a soláthraítear faoin gcreat seo:**

1. **Cur chuige bunaithe ar dhaoine agus ar áiteanna**
   Creidimid go bhfuil an beartas dírithe, go bunúsach, orthu siúd ar a bhfreastalaímid agus na háiteanna ina bhfuil siad ina gcónaí, ina mbíonn siad ag obair agus ina dtagann siad le chéile mar phobail, chun taitneamh a bhaint as fás agus forbairt chruthaitheach.

2. **Creideamh i luach intreach na n-ealaíon inár sochaí**
   Creidimid i luach bunúsach na n-ealaíon astu féin – a gcumhacht muid a mhúnlú agus dúshlán a thabhairt dúinn, pléisiúr a thabhairt dúinn, cabhrú linn eolas a chur orainn féin agus ar an áit a bhfuilimid ag dul; tá a gcumhacht shainiúil, chruthaitheach mar ghné riachtanach dár dtuiscint agus dár gcomhrá.

3. **Prionsabal an chothromais soch-spásúil**
   Is tiomantas gníomhach é beartas cothromas soch-spásúil chun cothroime agus comhionannas a chinntiú inár bpolasaithe, agus conas a dháiltear ár n-acmhainní, chun rochtain fhiúntach a chinntiú ar sholáthar agus ar rannpháirtíocht na n-ealaíon, beag beann ar áit ná ar chúinsí. Aithníonn sé an gá le cur chuige agus idirghabhálacha éagsúla in áiteanna éagsúla a fhreagraíonn do riachtanais shonracha na n-áiteanna sin.

4. **Trédhearcacht i gcinnteoireacht agus i bpleanáil**
   Is é príomhluach *i Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ná ár dtiomantas do Mhacántacht, cuntasacht agus trédhearcacht inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí.

5. **Luach sochaíoch na n-ealaíon**
   Tá fianaise shubstainteach ann chun an tionchar dearfach a thaispeáint gur féidir le rannpháirtíocht sna healaíona a imirt ar fholláine agus ar chaighdeán maireachtála na beatha ag leibhéal aonair agus ag leibhéal an phobail. Tá an tionchar dearfach seo le feiceáil ó luach intreach na gníomhaíochta ealaíne atá ar ardchaighdeán a thacaíonn le taiscéalaíocht chruthaitheach, is ionann é sin rudaí a dhéanamh agus a léiriú.

6. **Dearadh inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán**
   Creidimid gur féidir le dearadh agus úsáid áiteanna agus spásanna, spásanna poiblí ach go háirithe, tionchar suntasach a imirt ar shaol na ndaoine. Tá taithí ag gach duine ar ailtireacht agus dearadh áiteanna i ngach gné dá saol laethúil. Molann ár bpolasaí ailtireachta dearadh atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán mar cheart daonlathach, agus a chuireann ár ról in iúl dá ról mar chomhlacht forordaithe sa chóras pleanála.

7. **Comhpháirtíocht**
   Creidimid nach ndéantar dul chun cinn ach trí oibriú i gcomhar lena chéile agus trí chomhpháirtíochtaí measúla le príomhpháirtithe leasmhara eile san obair a dhéanaimid, bíodh sé sin san earnáil ealaíon, san earnáil phoiblí, sa tríú earnáil nó in eintitis eile.

**Mar Ghníomhaireacht Stáit, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon ag scálaí comhuaineacha maidir le rannpháirtíocht agus beidh pleananna agus freagraí cuí aici do gach snáithe a cuid oibre laistigh den chreat spásúil seo. Ciallaíonn sé seo go bhfoilseoimid agus go soiléireoidh muid na leibhéil éagsúla ina mbímid ag feidhmiú maidir le gach gníomh a dhéanaimid faoi na ceithre phríomhréimse beartais seo a leanas:**

- Comhairle agus Tacaíocht;
- Pleanáil agus na hEalaíona;
- Infheistíocht agus Forbairt sna hEalaíona;
- Foghlaim & Léargas

**Ó dhearcadh spásúil cuirtear na scálaí comhuaineacha seo in iúl trí shainchúram fisiciúil:**

- Náisiúnta
- Réigiúnach
- Áitiúil
- Fíorúil / digiteach
- Idirnáisiúnta / domhanda

**I dtéarmaí straitéiseacha soláthrófar iad trí:**

- Cumas agus scil na Comhairle Ealaíon a fheabhsú maidir le hanailís spásúil agus déimeagrafach.
- Creat tomhais nua a chruthú chun teacht agus tionchar spásúil agus déimeagrafach a mheas.
- Muid féin a leagan amach le go mbeidh ceangal agus tuiscint níos fearr againn ar na healaíona agus ar fhorbairt ar leibhéal réigiúnach.
- Ag obair ar son na healaíona agus cultúr a leabú inár gcórais pleanála agus soláthar cuí bonneagair ealaíon poiblí ar fud na tíre.
- Ag tógáil ar ár bpríomhchomhpháirtíocht leis an rialtas áitiúil chun tionscnaimh a thosú i réimsí beartais eile (m.sh. ailtireacht, an comhshaol deartha, forbairt pobail).
- Idirghabháil a dhéanamh maidir le comhpháirtíochtaí nua ag raon leibhéal (Ranna Rialtais, Údaráis Réigiúnacha).
- Ag tabhairt na n-ealaíon isteach i smaointeoireacht agus forbairt bheartas poiblí ar bhealaí nuálacha agus cruthaitheacha.



**DYT ZOONOSIS,**
*2020, Dublin Youth Theatre,*
Grianghrafadóir: Mark Stedman
Áit: Museum of Literature Ireland

# Phríomhréimse Beartais

05

### A.
### COMHAIRLE & TACAÍOCHT

Mar shainchomhlacht ar na healaíona, tá ról reachtach ag an gComhairle Ealaíon chun comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le cúrsaí ealaíon agus cultúrtha. Cé go bhfuil ár bpríomhshruthán trínár máthair-Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, déanaimid teagmháil chomh maith le Ranna eile a bhfuil forluí eatarthu maidir lena bpríomhchuspóirí, mar shampla an Roinn Oideachais, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta. Cé go bhfuilimid tar éis páirt a ghlacadh ar go leor bealaí i dtionscnaimh éagsúla a bhaineann le ranna eile, ní mór dúinn caidreamh oibre láidir a thógáil fós leo siúd a bhfuil a bpolasaithe acu ina gcreideann muid féin agus a bhfuil forluí leis na tionscnaimh seo agus na healaíona agus an cultúr.

Áirítear leis seo rannchuidiú criticiúil na n-ealaíon agus an chultúir le sláinte agus folláine, caighdeán maireachtála, forbairt uirbeach agus tuaithe agus áiteanna ilghnéitheacha bríomhar a thógáil a ligfidh do dhaoine a bheith ina gcónaí iontu agus ár mbailte agus cathracha a mhúnlú don todhchaí. Tugann an tsamhail nua-fhorbartha de Mheasúnú Tionchair Shóisialta, a d'fhéach ar thionchar infheistíochta na n-ealaíon ag leibhéal áitiúil, pointe tosaigh den scoth chun an fhianaise sin a bhailiú.

Ag teacht le cuspóir an Rialtais de chomhordú trasghníomhaireachta níos mó a bhaint amach, is é ár n-uaillmhian ná obair a dhéanamh ar bhealach i bhfad níos comhtháite lenár gcomhghleacaithe ar fud Ranna Rialtais, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí chun cumhacht agus acmhainneacht na n-ealaíon a chinntiú sna réimsí beartas poiblí eile a bhaint amach go hiomlán. Tá sé mar aidhm againn caidreamh nua a chruthú go réamhghníomhach le agus a bheith ag obair ar son lárnacht na n-ealaíon agus an chultúir do na príomhréimsí beartais de na ranna seo a leanas – Forbairt Sláinte, Tuaithe agus Pobail, agus Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Comhshaol.

Agus ár gcás á dhéanamh againn do chomhlachtaí eile, teastaíonn fianaise iontaofa atá cothrom le dáta uainn agus tuiscint níos fearr a bheith againn ar na saincheisteanna atá os comhair pobal ar fud na tíre. Ní mór dúinn a bheith cinnte go bhfuil ár gcórais oibre go maith maidir le faisnéis den sórt sin a bheith acu agus feicimid an deis a tugadh an bhliain seo caite de chianobair a dhéanamh mar bhealach chun róil agus freagrachtaí a athshamhlú inár n-eagraíocht. Chuirfeadh cruthú na *n-oifigí satailíte réigiúnacha* feabhas breise ar ár n-eolas náisiúnta agus ár sainchúram, cheadódh sé forbairt comhpháirtíochtaí fiúntacha le húdaráis agus comhlachtaí réigiúnacha, agus próifíl na Comhairle Ealaíon a leathnú agus a shaibhriú mar ghníomhaireacht náisiúnta.




**Public Intervention – Spatial Stories 2,**
*2017, Dorothy Smith,*
Grianghrafadóir: Dorothy Smith
Áit: Arbour Hill, Dublin 7

Agus ár gcórais ghnó á n-athrú againn, táimid ag tabhairt faoi phictiúr níos fearr de ghníomhaíocht ealaíon agus cultúrtha a thógáil go náisiúnta trí anailís spásúil agus déimeagrafach a chur i bhfeidhm agus trí bheith ag tarraingt ar fhoinsí poiblí ábhartha faisnéise agus sonraí.

**I measc na mbeart beartais a dhéanfaimid sa réimse seo tá:**

- Obair i gcomhthéacs na struchtúr tras-rialtais agus idirghníomhaireachta chun príomhfhaisnéis ealaíon agus léargas a thabhairt ar thaighde, ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas poiblí.
- Measúnú tionchair shóisialta a ghlacadh mar phríomhlimistéar chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-ealaíon i sochaí na hÉireann inniu.
- Eolas, cumas agus próifíl 'ar an talamh' maidir leis an gComhairle Ealaíon a fhorbairt trí athstruchtúrú réigiúnach satailíte ar ár seirbhísí.
- Inniúlacht agus scil na Comhairle Ealaíon a fheabhsú in anailís spásúil agus déimeagrafach.



## B.
## PLEANÁIL AGUS NA HEALAÍONA

Is mór don Chomhairle Ealaíon a seasamh mar chomhlacht forordaithe faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, agus tá sé ar an eolas faoi fhéidearthacht ollmhór a róil maidir leis an seasamh sin a leathnú agus a fheabhsú. Agus muid ag plé le próisis phleanála ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal náisiúnta, chuir muid béim i gcónaí ar an tábhacht a bhaineann le fás agus forbairt chultúrtha mar chuid lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe.
Is mian linn tógáil ar ár gcomhpháirtíocht leis an rialtas áitiúil le seirbhísí ealaíon agus le daoine eile a bhfuil baint acu le pleanáil ealaíon ag an leibhéal áitiúil, chun a chinntiú go ndéantar soláthar bonneagair na n-ealaíon is fearr a leabú go háitiúil i bpleanáil forbartha chontae agus chathrach níos leithne. Thairis sin, ba mhaith linn cur chuige straitéiseach agus inbhuanaithe a fheiceáil maidir le cláir chaipitil amach anseo do na healaíona a fhaigheann eolas ó riachtanais aitheanta agus atá bunaithe ar Bheartas Oiriúnaithe Aeráide an Rialtais. Creidimid go bhfuil deiseanna den scoth ann maidir le bonneagar atá ann cheana féin a oiriúnú nó a uasghrádú chun oiriúnú aeráide dea-chleachtais a léiriú, agus freastal ar riachtanais athraitheacha ealaíontóirí agus lucht féachana.

Toisc gur muidne an ghníomhaireacht a bhfuil freagracht reachtúil againn as ailtireacht mar fhoirm ealaíne, tá spéis ar leith againn sa timpeallacht deartha agus an tábhacht a bhaineann le dearadh atá ar ardchaighdeán de spásanna agus áiteanna a ligfidh do dhaoine a bheith ina gcónaí iontu, a bheith ag obair iontu agus a gcuid am saor a chaitheamh iontu. Tá sé mar aidhm ag ár mbeartas ailtireachta cleachtas cruthaitheach a fhorbairt a thuilleadh agus deiseanna a mhéadú le haghaidh rannpháirtíocht an phobail le hailtireacht agus le háiteanna a dhéanamh. Creidimid go bhfuil níos mó i gceist le nithe fisiciúla, tá ról suntasach le himirt ag na healaíona i gcomhtháthú sóisialta, trí bhrí a chruthú in áiteanna, agus braistint féiniúlachta agus mhuintearais a spreagadh, ag freagairt freisin do dhéimeagrafach daonra bríomhar athraitheach.

Tá sé mar aidhm againn oibriú i gcomhar le comhghleacaithe sa rialtas áitiúil, le húdaráis réigiúnacha agus sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun na healaíona agus an cultúr a leabú i bpleanáil agus i bhforbairt ar bhealach níos údarásaí. Déanfaimid é seo trí idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua, ag tairiscint treorach agus comhairle agus tionscnaimh nua nuálacha a dhearadh a thugann próisis chruthaitheacha a iompróidh ar réimsí cosúil le comhairliúchán poiblí agus daonlathas rannpháirteach. Creidimid go bhfuil an pobal ealaíonta lárnach i bpróiseas den sórt sin agus éascóimid naisc nua idir ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon le saineolas ábhartha agus comhlachtaí pleanála agus údaráis chuige seo. Tá fíor-fhéidearthacht ann d'Éirinn a bheith ina heiseamláir idirnáisiúnta i bpleanáil agus i bhforbairt chun cur chuige nua den sórt sin a ghlacadh.


**Culture Night,**
*2018,*
Grianghrafadóir: Liam Karma
Áit: Meeting House Square, Dublin


**Youth Circus Parade at Douglas Street Autumn Festival as part of Pitch'd Circus Arts Festival,**
*2019, Louisa Sloan,*
Grianghrafadóir: Clare Keogh
Áit: Douglas Street, Cork

**I measc na mbeart beartais a dhéanfaimid sa réimse seo tá:**

- Obair lenár máthair-roinn chun scothbhonneagar ealaíon a fhorbairt don todhchaí.
- Obair le comhlachtaí pleanála agus údaráis chun eolas agus cumas a fhorbairt ar chomhtháthú na n-ealaíon agus an chultúir i bpleanáil agus dearadh inbhuanaithe.
- I gcomhar leis an bpobal ealaíonta, déanfar iniúchadh ar bhealaí cruthaitheacha chun eolas a dhéanamh do phróisis phleanála agus forbartha trí chomhpháirtíochtaí tras-ghníomhaireachta agus rannpháirtíocht saoránach an ealaíontóra.
- Tógáil ar ár bpríomhpháirtíocht straitéiseach leis an rialtas áitiúil chun a bheith ag obair go comhoibritheach ag scrúdú rannchuidiú na n-ealaíon go fearainn eile.

## C. INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT SNA HEALAÍONA

Tá ár dtacaíochtaí il-srathaithe, a sroicheann ealaíontóirí, ensembles, comharghrúpaí, eagraíochtaí ealaíon, foirgnimh, féilte, ceantair, agus pobail. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí fairsinge agus cothromaíocht tacaíochta agus forbartha a bhaint amach a thugann aird chuí ar éiceolaíocht na n-ealaíon a chothú agus ag cinntiú ag an am céanna go bhfuil deiseanna cothroma agus fiúntacha ag daoine dul i mbun na n-ealaíon. Tuigimid go bhfuil an éiceolaíocht agus an tsochaí níos leithne, chomh maith le háiteanna, ag athrú go leanúnach agus leanfaimid orainn ag dul i mbun gnímh chun an t-athrú seo a stiúradh agus a fhreagairt.

**Ag teacht le Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, tá ár ngníomhartha agus ár straitéisí infheistíochta dírithe ar an dá bhunchuspóir:**

An tEalaíontóir: *Go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar, agus*
Rannpháirtíocht an Phobail: *Go mbainfidh níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d'ardchaighdeán.*

## EALAÍONTÓIRÍ TACAÍOCHTA

Taispeánann anailís thíreolaíoch ar ár ndámhachtainí aonair d'ealaíontóirí in 2020 gurb iad na trí chontae is suntasaí i dtéarmaí iarratas agus dámhachtainí ná Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. I gcomparáid leis an dáileadh daonra, taispeánadh go raibh Baile Átha Cliath faoi ró-ionadaíocht ach go háirithe, le 40% de na hiarratasóirí agus 46% de na deontaithe ina gcónaí i mBaile Átha Cliath seachas 28% de na daoine atá ina gcónaí ann. Bhí 21 contae faoi ghannionadaíocht maidir le hiarratasóirí. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil go leor ealaíontóirí ag dul i dtreo ceantair uirbeacha agus cathracha níos mó, áit a bhfuil dóthain bonneagair, tacaíocht ó phiaraí agus líonraí agus deiseanna méadaithe chun obair a dhéanamh sa chomhthéacs seo, tuilleann an tiúchan dealraitheach d'ealaíontóirí i mBaile Átha Cliath go háirithe tuilleadh fiosraithe. Thairis sin, cuireann na costais ollmhóra a bhaineann le maireachtáil agus a bheith ag obair sa phríomhchathair bac eacnamaíoch atá i bhfabhar iad siúd atá níos fearr as ó thaobh airgeadais de. D'ainneoin na fírice go bhféadfadh sé nach mbeadh baint ag an áit ina bhfuil roinnt foirmeacha ealaíne ar taispeáint, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag bonneagar atá ar fáil ar chinntí maireachtála agus oibre na n-ealaíontóirí a scrúdú. Trí thacaíocht a thabhairt don sprioc atá ag Project Ireland 2040 chun na ceithre chathair eile a fhorbairt lasmuigh den phríomhchathair, cuirfidh an Chomhairle Ealaíon lionsa ar leith ar an leibhéal réasúnta bonneagair ealaíon ar chóir a bheith ar fáil sna cathracha sin agus moltaí a dhéanamh do na húdaráis ábhartha maidir le pleanáil don todhchaí.

Thairis sin, le comhthéacs atá ag athrú go tapa anois maidir le bheith ag maireachtáil agus ag obair in Éirinn, le nósanna atá ag athrú go dtí cianobair nuair atá géarchéim Covid thart, tacóidh an Chomhairle Ealaíon go gníomhach le beartas an Rialtais chun bailte tuaithe a athbheochan agus fuinneamh a chur iontu arís, agus oibreoidh sé le daoine eile chun timpeallacht a fhorbairt a spreagann ealaíontóirí agus oibrithe cruthaitheacha le hathlonnú.



**Creative Places,**
*2019, Cape Clear,*
Grianghrafadóir: Joleen Cronin
Áit: Cape Clear, Co. Cork



**Arranmore,**
*2019, Diarmaid O'Meara,*
Grianghrafadóir: Martha McCulloch
Áit: Arranmore Island

Téann cur chuige níos cothroime chun deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí chun cónaí agus obair i gcathracha agus bailte eile in Éirinn le cuspóirí inbhuanaitheachta.

Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil an pictiúr atá againn d'ealaíontóirí faoi láthair bunaithe ar eolas a fhaighimid go príomha uathu siúd lena mbímid i dteagmháil go díreach trínár raon clár maoinithe. Mar ghníomhaireacht shaineolach ar na healaíona, ní mór dúinn pictiúr níos fearr a bheith againn d'ealaíontóirí gníomhacha in Éirinn – tuiscint níos fearr ar na daoine nach mbainimid amach, lena n-áirítear iad siúd a tháinig slán agus / atá faoi bhláth gan fóirdheontas stáit. Chun an próiseas seo a threorú, beidh ar an gComhairle Ealaíon sonraí cruinne agus cothrom le dáta a bhailiú faoin áit ina bhfuil ealaíontóirí ina gcónaí, ina mbíonn siad ag obair agus na hacmhainní agus na háiseanna a bhfuil rochtain acu orthu, agus déanfaimid é seo i gcomhar lenár gComhpháirtíochtaí leis na hÚdaráis Áitiúla.

Ina theannta sin, príomhchuspóir an *Bheartais le haghaidh Ionad Ealaíon* ná *tacaíocht a thairiscint d'ealaíontóirí mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe, comhoibrithe agus baill an phobail* agus tá sé seo á chur in ord tosaíochta faoi láthair le haghaidh tacaíocht trí mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar thorthaí an réimse fócais straitéisigh seo.

Ar deireadh, tacóimid go gníomhach le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun leas a bhaint as deiseanna d'infheistíocht chaipitil i spásanna nua oibre d'ealaíontóirí, trí scéimeanna ábhartha amhail an *Scéim Tacaíochta um Chaipitil Chultúrtha, an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF).*

### Rannpháirtíocht an Phobail

Sa sprioc seo atá mar chuid de MGAW, beidh rannpháirtíocht an phobail ina tosaíocht againn inár gcomhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon agus go mbeidh ár bpolasaithe, ár bpleananna agus ár gcomhpháirtíochtaí ar an eolas trí eolas spásúil agus déimeagrafach. Cé go bhfuil roinnt oibre tar éis bogadh chun cinn maidir leis seo mar gheall ar ár bpolasaí CCDÉ, tá tuilleadh oibre le déanamh againn má táimid ag iarraidh teacht ar bhaint amach tíreolaíoch a thuiscint, maidir leis na lucht féachana ar a bhfreastalaíonn an earnáil ealaíon fóirdheonaithe. Is cinnte go bhfuil an borradh táirgthe agus rannpháirtíochta ar líne a scaiptear trí ardáin dhigiteacha tar éis deiseanna a leathnú san áit a mbeadh rannpháirtíocht chultúrtha ina gné shuntasach san am a chuaigh thart. Mar sin féin, de réir mar a fhillimid ar eispéiris ealaíne beo, agus athéileamh ar luach uathúil na ndaoine a bhailíonn le chéile chun na heispéiris choitianta sin a roinnt, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil bearta i bhfeidhm chun cothromas soch-spásúil réasúnta a chinntiú sna deiseanna chun dul i ngleic leo.

Beifear ag brath fós ar chláir agus ar scéimeanna maoinithe ar leith (maoiniú comhpháirtíochta, maoiniú d'Ionaid Ealaíon, Scéim Infheistíochta na bhFéilte, an Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair) chun freastal ar chuspóir tíreolaíoch a bhaineann le maoiniú na Comhairle Ealaíon. Mar sin féin, ní mór dúinn tuiscint níos fearr a bheith againn, go háirithe ó dhearcadh atá bunaithe ar an lucht féachana, cé chomh cothrom agus cóir agus atá na deiseanna do dhaoine ar fud na tíre chun dul i mbun obair na n-eagraíochtaí straitéiseacha lárnacha. Baineann sé seo go háirithe leo siúd a bhfuil sainchúram náisiúnta féin-thuairiscithe acu, agus oibreoimid leis na heagraíochtaí sin chun critéir shoiléire a fhorbairt inár gcomhaontuithe maoinithe a oibríonn chun leibhéal réasúnta cothromais soch-spásúil a bhaint amach maidir leis seo. Mar an gcéanna le heagraíochtaí a oibríonn ar an leibhéal réigiúnach, forbróimid méadrach nua scála-oiriúnach sa réimse seo.



**Culture Night,**
*2018,*
Grianghrafadóir: Liam Karma
Áit: Dublin



Ní mór a thuiscint go dteastóidh ionaid shonracha ar scála a bheidh i láthair phoiblí ar obair phoiblí ar scála mór (ar nós ceoldráma siansach agus ceoldráma ar scála mór) a bheidh i lárionaid mhóra uirbeacha nó i gcathracha móra agus go dtógfar é seo san áireamh nuair a dhéantar critéir den sórt sin a fhorbairt. Ach cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte freisin roimh chumas na bpobal ealaíonta bealaí nua a shamhlú chun bualadh le lucht féachana, fiú nuair nach bhfuil an bonneagar traidisiúnta ar fáil, agus réitigh chruthaitheacha a aimsiú áiteanna ina bhfuil easnaimh ann.

Chomh maith le bheith ag obair le heagraíochtaí atá maoinithe go straitéiseach, cinnteoimid go bhfuil critéir shoch-spásúla ar fud ár gcláir mhaoinithe oscailte agus sofhreagrach do bhealaí nua chun dul i ngleic le pobail agus áiteanna agus spásanna. Agus soláthar dea-chothrom á chinntiú, cuirfimid in iúl agus tacóimid leis an raon leathan bealaí ina dtuigimid go mbaintear torthaí cothroma amach. Leanfaimid orainn ag cruthú ár dtacaíochtaí leis an eolas atá againn faoi na riachtanais aitheanta atá ag daoine in áiteanna.

Cruthóidh ár gclár dar teideal Áiteanna Ildánacha, a thacaíonn le níos mó gníomhaireacht chultúrtha ag leibhéal áitiúil agus a sholáthraíonn deiseanna nua le haghaidh pobail áitiúla chun taithí ealaíon a chinneadh, a cheapadh agus chun bheith rannpháirteach iontu, sna háiteanna ina bhfuil cónaí orthu. Táimid tar éis an clár seo a leathnú, agus tá an tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta don tionscnamh seo a mhéadú agus a fhorbairt a thuilleadh. Mar bhealach uathúil chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus in áiteanna, déanfaimid monatóireacht ghéar ar a thionchar chun beartas sa réimse seo a threorú amach anseo.

Tá leanaí agus daoine óga fós lárnach inár straitéis agus ba mhaith linn a chinntiú go leanfaidh siad ar aghaidh le deiseanna a bheith acu chun a gcuid deiseanna ealaíon agus cultúrtha féin a chruthú agus a mhúnlú. Is samhail rathúil í an Clár Scoileanna Ildánacha chun cothromas soch-spásúil a chinntiú maidir le raon na scoileanna atá rannpháirteach agus beimid ag cur le critéir ábhartha a fheabhsú i leathnú an chláir sin. Tá soláthar do leanaí agus do dhaoine óga fós mar phríomhfhócas dár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil agus lenár n-eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach agus cinnteoimid go dtabharfar é seo san áireamh mar chuid d'aon anailís shoch-spásúil ar ár dtionchar trí na bealaí sin.

**I measc na mbeart beartais a dhéanfaimid sa réimse seo tá:**

- Athbhreithniú agus athchothromú a dhéanamh ar ealaíontóirí, bunaithe ar an fhaisnéis spásúil agus déimeagrafach is fearr.
- Critéir shoiléire scála-oiriúnacha a bhunú atá dírithe ar chothromas soch-spásúil a bhaint amach i rannpháirtíocht phoiblí ar fud na gclár maoinithe go léir.
- Cur chuige bunaithe ar dhaoine agus ar áiteanna a chur chun cinn agus a fhorbairt chun infheistíocht a dhéanamh sna healaíona agus sna pobail.
- Cinntigh go bhfuil rannpháirtíocht agus guth na ndaoine óga lárnach sna healaíona i ngach cuid den tír.

## D.
## FOGHLAIM AGUS LÉARGAS

Toisc gurb í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht shaineolach ar na healaíona in Éirinn tá sí bródúil as a bheith ina mol beo eolais agus léargais ar an áit agus ar conas a tharlóidh na healaíona agus a dtábhacht agus a dtionchar ar réimsí beartais agus forbartha eile. Chun é seo a dhéanamh, glacaimid le timpeallacht foghlama ghníomhach chun muid féin a choinneáil ar an eolas an méid agus is féidir. Táimid ag brath sa deireadh ar eolas, ar shaineolas agus ar léargais na hearnála ealaíon a théann i ngleic le agus a fhorbraíonn cleachtas ealaíon in áiteanna gach lá, bíodh sé sin san fhíorshaol nó áit shamhalta, ar fud na hÉireann. Mar ghníomhaireacht forbartha do na healaíona, tá freagracht orainn cainéal a sholáthar le go gcuirfear an eagna agus an taithí sin os comhair an tsaoil, agus déanfaimid ár ndícheall naisc fhiúntacha a chruthú idir an pobal ealaíona agus fóraim a bhaineann le beartais an rialtais. Tá a fhios againn go maith go gcaithfidh muid a bheith ag foghlaim agus ag éisteacht i gcónaí chomh maith le bheith ag tabhairt comhairle agus a bheith ag obair ar son na n-ealaíon agus leanfaimid orainn ag iarraidh a chinntiú go bhfuil cultúr oibre oscailte ann ina mothaíonn daoine a bhfuil cónaí orthu in áit ar bith sa tír go bhfuil fáilte rompu dul i dteagmháil linn, tús a chur le comhrá nó aiseolas úsáideach a sholáthar dúinn faoinár gcuid oibre.

**I measc na mbeart beartais a dhéanfaimid sa réimse seo tá:**

- Ag cinntiú go bhfuil ár n-eolas soch-spásúil agus ár smaointeoireacht bunaithe ar threochtaí comhaimseartha agus ag smaoineamh i bpleanáil agus i bhforbairt phoiblí.
- Ag obair leis an bpobal ealaíonta chun deiseanna nua a chruthú d'fhonn ábhair imní a bhaineann le beartas poiblí a thuiscint agus a athshamhlú.
- Cultúr bunaithe ar idirphlé oscailte a spreagadh leis an gComhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha atá ag obair ar fud na tíre.





**Little Girl Dancing in Front of Building in Athy,**
*Culture Night, 2020*
Grianghrafadóir: Niall Carson
Áit: Athy, Co. Kildare

# Cur i bhFeidhm agus Maoirseacht

06

Soláthraítear tuilleadh sonraí ar gach ceann den bheart beartais atá leagtha amach sa Phlean Forfheidhmithe a ghabhann leis seo a dhíreoidh ar sholáthar gníomhaíochta as seo go ceann cúig bliana, chun comhfhreagras a dhéanamh leis an tréimhse ama atá fágtha den straitéis dar teideal *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh.* Beidh an plean seo faoi réir athbhreithnithe agus gníomhartha breise a cuireadh leis de réir mar is gá.

Déanfaidh Grúpa Oibre Inmheánach monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí, agus déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ag cruinnithe Boird na Comhairle Ealaíon ar bhonn ráithiúil. Tuairisceoidh an Chomhairle Ealaíon ar dhul chun cinn an bheartais agus na straitéise seo ina tuarascáil bhliantúil mar aon le measúnuithe nó athbhreithnithe eile ar straitéisí corparáideacha.

# Beartas Spásúil

## Phlean Forfheidhmithe

## A. COMHAIRLE & TACAÍOCHT

| Beart beartais | Gníomhartha |
|---|---|
| Ag obair i gcomhthéacs struchtúr tras-rialtais agus idirghníomhaireachta chun príomhfhaisnéis agus léargas ar na healaíona a thabhairt chun solais, ar thaighde ar bheartas poiblí, ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas poiblí. | **A1.** Polasaithe ábhartha na Roinne Rialtais a mheasúnú agus tús áite a thabhairt dóibh chun straitéis dírithe a fhorbairt maidir le ranníocaíocht na n-ealaíon agus an chultúir a léiriú a mhéid agus a bhaineann siad le príomhthorthaí beartais. |
| | **A2.** Ag obair ar son rannpháirtíocht chultúrtha a bheith ar cheann de shraith de tháscairí folláine nua atá á bhforbairt ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta. |
| | **A3.** Ag stiúradh an iniúchta náisiúnta ar spásanna ealaíon agus cultúrtha, ag tógáil ar bhunachar sonraí na n-áiseanna ó 2016, de réir an mholta sa tuarascáil deiridh den Tascfhórsa Geilleagair Oíche. |
| | **A4.** Ag cuimsiú an mhodúil spásúil in atriall 2022 an tSuirbhé Léargais ar na hEalaíona, a tharlaíonn gach bliain agus a fhéachann ar rochtain spásúil ar áiseanna ealaíon agus ar imeachtaí agus tábhacht na ngnéithe amhail iompar agus bonneagar eile. |



## A. COMHAIRLE & TACAÍOCHT

| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|
| Ranna rialtais | Tá na healaíona agus cultúr leabaithe i bpríomhréimsí beartais an rialtais. | Tá comhpháirtíochtaí foirmiúla nua bunaithe le dhá Roinn ar a laghad. |
| DTCAGSM, Éire Ildánach, Rethink Ireland | Aithnítear cumhacht agus acmhainneacht na n-ealaíon i réimsí beartais eile. | Glactar le rannpháirtíocht chultúrtha mar phríomhtháscaire i dtáscairí nua folláine náisiúnta. |
| DTCAGSM, Fáilte Éireann, Give us the Night, Údaráis Áitiúla | Tá saineolas ag an gComhairle Ealaíon atá cothrom le dáta ar sholáthar ealaíon agus cultúrtha go náisiúnta agus gnéithe spáis gaolmhara. | Bunachar sonraí náisiúnta ar líne ina mapáiltear na háiseanna ealaíon agus cultúrtha. |
| Earnáil na nEalaíon | | Faisnéis spásúil nua atá ar fáil ó Shuirbhé Léargais ar na hEalaíona. |

| A. COMHAIRLE & TACAÍOCHT | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| Tomhas ar thionchair shóisialta a ghlacadh mar phríomhlimistéar chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-ealaíon i sochaí na hÉireann inniu. | **A5.**<br>An tsamhail bunaithe ar Mheasúnú Tionchair Shóisialta (SIA) a ndearnadh píolótú air le seirbhísí ealaíon na n-údarás áitiúil, ar fud na hearnála ealaíon agus i gcomhar le comhlachtaí eile. |
| Eolas, cumas agus próifíl 'ar an talamh' maidir leis an gComhairle Ealaíon a fhorbairt trí athstruchtúrú réigiúnach satailíte ar ár seirbhísí. | **A6.**<br>Cruthú dhá phost nua a phíolótú de fhreagracht réigiúnach atá ailínithe le sainchúram tíreolaíoch na dtionól réigiúnach – Údarás Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt. |
| Inniúlacht agus scil na Comhairle Ealaíon a fheabhsú in anailís spásúil agus déimeagrafach. | **A7.**<br>Éirchóid a thabhairt isteach i ngach córas gnó agus bearta nua a chur i bhfeidhm chun sonraí a ghabháil maidir le suíomh na ngníomhaíochtaí.<br><br>**A8.**<br>Táscairí soiléire spásúla agus déimeagrafacha a chomhtháthú i Straitéis Sonraí nua.<br><br>**A9.**<br>Fardal de na foinsí sonraí poiblí go léir ar chóir don Chomhairle Ealaíon a bheith ag tarraingt orthu a fhorbairt chun eolas a thabhairt do bheartais chinnteoireachta agus do phleanáil. |



| A. COMHAIRLE & TACAÍOCHT | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHaTA |
| Údaráis Áitiúla / Éire Ildánach / Rethink Ireland / Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann / An Chomhairle Oidhreachta | Glactar le cur chuige comhsheasmhach le SIA ar fud na hearnála ealaíon agus cultúrtha, ag cur le comhlacht fianaise náisiúnta ar thionchar sóisialta na n-ealaíon. | Tacar SIA foilsithe.<br><br>Oiliúint curtha ar fáil d'earnáil na n-ealaíon.<br><br>Cás-staidéir agus sonraí ábhartha foilsithe. |
| Eagraíochtaí agus seirbhísí ealaíon lárnacha agus réigiúnacha<br><br>Údaráis Réigiúnacha<br><br>Údaráis Áitiúla | Eolas náisiúnta agus sainchúram na Comhairle Ealaíon feabhsaithe.<br><br>Caidreamh nua oibre socraithe le húdaráis agus comhlachtaí réigiúnacha ar mhaithe leis an bpobal ealaíon. | Poist nua a mbaineann freagracht réigiúnach leo ceadaithe.<br><br>Príomhláithreacha agus áiseanna oifige aitheanta. |
| Ealaíontóirí / Eagraíochtaí ealaíne<br><br>An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus ranna rialtais eile<br><br>Rialtas áitiúil / Institiúidí 3ú Leibhéal | | Scálaí tomhais nua i bhfeidhm le haghaidh anailís spásúil ar infheistíocht.<br><br>Tuarascáil bhliantúil don Chomhairle ar dháileadh spásúil na n-acmhainní. |

| B. PLEANÁIL AGUS NA HEALAÍONA | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| Obair lenár máthair-roinn chun scothbhonneagar ealaíon a fhorbairt don todhchaí | **B1.**<br>Bain úsáid as fianaise atá ann cheana agus foinsí nua bailithe sonraí atá leagtha amach thuas, chun bearnaí, riachtanais agus deiseanna sa bhonneagar caipitil a aithint agus moltaí a dhéanamh a thagann le beartas an Rialtais isteach sa todhchaí (Project Ireland 2040, Our Rural Future, an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe). |
| **B2.**<br>An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán a chur ar an eolas faoi agus eolas a chur in iúl dó faoi chláir caipitil amach anseo. | |
| Obair le comhlachtaí pleanála agus údaráis chun eolas agus cumas a fhorbairt ar chomhtháthú na n-ealaíon agus an chultúir i bpleanáil agus dearadh inbhuanaithe. | **B3.**<br>Creat soiléir a fhorbairt agus a chur in iúl agus cur síos ar ról pleanála na Comhairle Ealaíon mar údarás pleanála forordaithe. |
| | **B4.**<br>Treoir a fhorbairt maidir le pleanáil le haghaidh na n-ealaíon agus an chultúir mar chuid lárnach de phleananna forbartha áitiúla agus réigiúnacha, le béim ar ailtireacht agus dearadh atá ar ardchaighdeán. |
| | **B5.**<br>Cuir leis na Treoirlínte Náisiúnta um Athbhreithniú Pleananna Forbartha. |
| | **B6.**<br>Treoir a fhorbairt do phleanálaithe agus d'fhorbróirí ar chomhtháthú éifeachtach na n-ealaíon agus an chultúir i bhforbairtí nua. |



| B. PLEANÁIL AGUS NA HEALAÍONA | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHaTA |
| DTCAGSM<br><br>Údaráis Áitiúla<br><br>OPW | Beidh cláir chaipitil amach anseo do na healaíona straitéiseach, inbhuanaithe agus oiriúnach dá bhfuil ag teastáil. | Clár caipitil uaillmhianach d'fhorbairt nua sna healaíona. |
| | | |
| | Déantar bonneagar atá ann cheana féin a oiriúnú / a uasghrádú chun oiriúnú aeráide dea-chleachtais a léiriú, agus freastal ar riachtanais athraitheacha ealaíontóirí agus lucht féachana. | Clár aisfheisithe breise chun slacht a chur ar an mbonneagar atá ann cheana. |
| An Roinn Comhshaoil, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Déanfar ról na Comhairle Ealaíon mar údarás pleanála forordaithe a uasmhéadú agus a aithint go forleathan. | Rannpháirtíocht níos ábhartha agus níos straitéisí le húdaráis phleanála. |
| Dept of Housing, Local Government and Heritage | Tá soláthar scothbhonneagar agus scothfhorbairt na n-ealaíon á leabú go háitiúil sa phleanáil forbartha chontae agus chathrach níos leithne. | Fianaise go bhfuil na healaíona agus an cultúr comhtháite le pleananna nua forbartha. |
| DTCAGSM<br><br>Other cultural agencies / bodies | | Fianaise go bhfuil treoir na Comhairle Ealaíon tugtha isteach i bpleananna forbartha agus úsáidte ag pleanálaithe agus / nó forbróirí i bhforbairtí amach anseo. |

| B. PLEANÁIL AGUS NA HEALAÍONA | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| | **B7.**<br>Maitrís a fhorbairt chun comhairle a thairiscint maidir le forbairt caipitil sna healaíona ag scálaí éagsúla den soláthar is fearr. |
| I gcomhar leis an bpobal ealaíonta, déanfar iniúchadh ar bhealaí cruthaitheacha chun eolas a dhéanamh do phróisis phleanála agus forbartha trí chomhpháirtíochtaí tras-ghníomhaireachta agus rannpháirtíocht saoránach an ealaíontóra. | **B8.**<br>Deiseanna nua ealaíon agus cleachtais idirdhisciplíneacha a fhorbairt a dhíríonn go téamach ar phríomhréimsí pleanála agus forbartha amhail forbairt tuaithe agus daonlathas rannpháirteach sa phróiseas déanta pleanála.<br><br>**B9.**<br>Dul i ngleic go gníomhach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Deiseanna tuilleadh oibre le haghaidh obair chomhoibríoch sa réimse seo. |
| Tógáil ar ár bpríomhpháirtíocht straitéiseach leis an rialtas áitiúil chun a bheith ag obair go comhoibritheach ag scrúdú rannchuidiú na n-ealaíon i bhfearainn eile. | **B10.**<br>Leanúint ar aghaidh ag obair tríd an struchtúr a bhaineann leis an gCreatlach don Chomhoibriú chun réimsí nua comhoibrithe a fhás agus a fhorbairt.<br><br>**B11.**<br>Oibrigh leis an bhfoireann ailtireachta chun tacú le tionscnaimh chomhpháirtíochta nua le húdaráis áitiúla. |



| B. PLEANÁIL AGUS NA HEALAÍONA | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHaTA |
| | Bunaítear na healaíona mar chuid lárnach den chóras pleanála náisiúnta.<br><br>Glacann forbairt phríobháideach agus phoiblí nua le háiseanna íogair agus inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán le cuimsiú áiseanna cultúrtha i bpleanna. | Fianaise go bhfuil treoir na Comhairle Ealaíon tugtha isteach i bpleananna forbartha agus úsáidte ag pleanálaithe agus / nó forbróirí i bhforbairtí amach anseo. |
| DTCAGSM<br><br>Eagraíochtaí ealaíne<br><br>Comhlachtaí Poiblí<br><br>Institiúidí 3ú Leibhéal<br><br>Pobail<br><br>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Tugtar fís agus cruthaitheacht na n-ealaíontóirí isteach sa réimse beartais pleanála agus forbartha poiblí.<br><br>Aithnítear cleachtas cruthaitheach nuálach agus eiseamláireach i bpleanáil agus i bhforbairt go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. | Tacaíodh agus cuireadh múnlaí nua le cleachtas idirdhisciplíneach chun cinn, múnlaí a d'fhorbair an Chomhairle Ealaíon.<br><br>Forbraíodh tionscnamh cruthaitheach nua le DHLG&H. |
| Údaráis Áitiúla | Tionchar na n-ealaíon agus an chultúir a léiriú ag leibhéal áitiúil i bhforbairt inbhuanaithe agus dearadh áiteanna atá ar ardchaighdeán. | Cás-staidéir agus athbhreithnithe fianaise foilsithe. |

| C . FORBAIRT & INFHEISTÍOCHT NA NEALAÍON | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| Athbhreithniú agus athchothromú a dhéanamh ar ealaíontóirí, bunaithe ar an fhaisnéis spásúil agus déimeagrafach is fearr. | **C1.**<br>Déan daonáireamh d'ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair in Éirinn i gcomhar le comhpháirtithe rialtais áitiúil.<br><br>**C2.**<br>Athbhreithniú trasfhoirm ealaíne / cleachtais a dhéanamh ar sholáthar bonneagair spásanna oibre d'ealaíontóirí go náisiúnta, ag cur san áireamh cleachtais agus bealaí nua oibre agus an timpeallacht atá ag athrú go tapa.<br><br>**C3.**<br>Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht bheartas an Ionaid Ealaíon chun tacaíocht a thairiscint d'ealaíontóirí mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe, comhoibrithe agus baill an phobail.<br><br>**C4.**<br>Rian a chur lenár n-infheistíocht in ealaíontóirí go spásúil agus córais chuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar aon mhíchothromaíochtaí aitheanta.<br><br>**C5 (C7).**<br>Tionscadal tomhais sroichte shoch-spásúil a phíolótú le roinnt eagraíochtaí tábhachtacha náisiúnta agus réigiúnacha chun critéir chuí spásúlachta agus déimeagrafacha a fhorbairt laistigh de Mhaoiniú Straitéiseach. |



| C . FORBAIRT & INFHEISTÍOCHT NA NEALAÍON | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA |
| Ealaíontóirí<br><br>Eagraíochtaí ealaíne<br><br>Ionaid Ealaíon<br><br>Seirbhísí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil | Tá ár n-infheistíocht in ealaíontóirí cothrom agus léiríonn sé próifíl shoch-spásúil na n-ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair ar fud na hÉireann.<br><br>Comhordú níos fearr idir na húdaráis áitiúla agus tacaíochtaí na Comhairle Ealaíon d'ealaíontóirí.<br><br>Tá príomheagraíochtaí ealaíon ag soláthar tacaíocht fhiúntach, comhairle agus deiseanna d'ealaíontóirí ar fud na tíre. | Tacar sonraí spásúil cruinn ar ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair in Éirinn.<br><br>Clár caipitil sa todhchaí a thugann aghaidh ar bhearnaí aitheanta i mbonneagar.<br><br>Fianaise ar dheiseanna oibre méadaithe agus feabhsaithe d'ealaíontóirí ar fud na tíre.<br><br>Fianaise ar chothromaíocht spásúil níos mó inár dtacaíochtaí d'ealaíontóirí go náisiúnta. |

| C . FORBAIRT & INFHEISTÍOCHT NA NEALAÍON | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| Critéir shoiléire scála-oiriúnacha a bhunú atá dírithe ar chothromas soch-spásúil a bhaint amach i rannpháirtíocht phoiblí ar fud na gclár maoinithe go léir. | **C6.**<br>Déan cinnte go bhfuil na critéir shoch-spásúla a bhaineann le scéimeanna maoinithe éagsúla ar nós Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus an Scéim Camchuairte sainráite.<br><br>**C7 (C5).**<br>Tionscadal tomhais sroichte shoch-spásúil a phíolótú le roinnt eagraíochtaí tábhachtacha náisiúnta agus réigiúnacha chun critéir chuí spásúlachta agus déimeagrafacha a fhorbairt laistigh de Mhaoiniú Straitéiseach. |
| Cur chuige bunaithe ar dhaoine agus ar áiteanna a chur chun cinn agus a fhorbairt chun infheistíocht a dhéanamh sna healaíona agus sna pobail.<br><br>Cinntigh go bhfuil rannpháirtíocht agus guth na ndaoine óga lárnach sna healaíona i ngach cuid den tír. | **C8.**<br>I leathnú agus forbairt bhreise an chláir dar teideal Áiteanna Ildánacha déan cinnte de go bhfuil an tsamhail nua den Mheasúnú Tionchair Shóisialta tugtha isteach i bpróisis mheastóireachta ar an gclár seo.<br><br>**C9.**<br>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chritéir shoch-spásúla i leathnú an chláir *Scoileanna Ildánacha*, ag tabhairt aird ar leith ar na léargais spásúla sa mheastóireacht ar an gclár sin.<br><br>**C10.**<br>In athbhreithnithe ar an Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú d'Ionaid Ealaíon agus Maoiniú Comhpháirtíochta cinntítear go ndéantar scrúdú ar anailís spásúil ar sholáthar agus deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga. |



| C . FORBAIRT & INFHEISTÍOCHT NA NEALAÍON | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA |
| Earnáil na nEalaíon<br><br>An pobal<br><br>Príomh-Chomhpháirtithe / Údaráis Áitiúla<br><br>Eagraíochta ealaíon réigiúnach agus náisiúnta a fhaigheann maoiniú poiblí substaintiúil | Cinntigh go bhfuil cothromaíocht réasúnta shoch-spásúil ann do dhaoine chun dul i mbun na n-ealaíon ar fud na hÉireann.<br><br>Soiléireacht a thairiscint ar thacaíochtaí agus ionchais na Comhairle Ealaíon ag scálaí éagsúla soláthair – náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, fíorúil, agus idirnáisiúnta. | Scálaí tomhais nua forbartha ar dháileadh soch-spásúil acmhainní na Comhairle Ealaíon.<br><br>Fianaise ar dheiseanna feabhsaithe do rannpháirtíocht an phobail sna healaíona ar fud na tíre. |
| Pobail Áitiúla<br><br>Ealaíontóirí<br><br>Eagraíochtaí ealaíne<br><br>Údaráis Áitiúla<br><br>Leanaí agus daoine óga<br><br>Scoileanna<br><br>Comhlaigh Chruthaitheacha<br><br>Éire Ildánach<br><br>Údaráis Áitiúla<br><br>Earnáil na nEalaíon | Deiseanna nua le haghaidh daoine chun taithí ealaíon a chinneadh, a cheapadh agus chun bheith rannpháirteach iontu ina gceantair féin.<br><br>Cothromas soch-spásúil agus inbhuanaitheacht leanúnach i rolladh amach an chláir seo.<br><br>Deiseanna méadaithe do leanaí agus do dhaoine óga páirt a ghlacadh in eispéiris ealaíon ina gceantair féin, mar atá bunaithe ar a gcuid riachtanas agus a spéiseanna féin. | An Chomhairle Ealaíon ag tacú le níos mó áiteanna ina bhfuil rochtain theoranta ar bhonneagar do na healaíona.<br><br>Níos mó scoileanna atá páirteach ar fud na tíre.<br><br>Rannpháirtíocht níos leanúnaí ag scoileanna a nascann isteach leis an mbonneagar ealaíon go háitiúil.<br><br>Níos mó leanaí agus daoine óga ag gabháil do na healaíona. |

| D. FOGHLAIM AGUS LÉARGAS | |
|---|---|
| Beart beartais | Gníomhartha |
| Cinntigh go gcuirtear treochtaí agus smaointeoireacht chomhaimseartha ar fáil inár n-eolas agus do smaointeoireacht shocheacnamaíoch i bpleanáil agus i bhforbairt phoiblí. | **D1.**<br>Tairg clár seimineár atá bunaithe ar spás don fhoireann agus do bhaill – iarr ar phríomhcheannairí agus ar smaointeoirí i bpleanáil agus i bhforbairt chomh maith le réimsí gaolmhara amhail spás fíorúil / digiteach a bheith rannpháirteach.<br><br>**D2.**<br>Cruthaigh comhpháirtíochtaí nua le hinstitiúidí tríú leibhéal chun taighde agus eolas a fheabhsú sa réimse seo. |
| Ag obair leis an bpobal ealaíonta chun deiseanna nua a chruthú d'fhonn ábhair imní a bhaineann le beartas poiblí a thuiscint agus a athshamhlú. | **D3.**<br>Coimisiúnaigh agus foilsigh sraith aistí ealaíonta a bhaineann le cúrsaí ealaíon agus spásúlachta / poiblí i meáin éagsúla. |
| Cultúr bunaithe ar idirphlé oscailte a spreagadh leis an gComhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha atá ag obair ar fud na tíre. | **D4.**<br>Cruthaigh ardán le haghaidh rannpháirtíocht dhíreach saoránach leis an gComhairle Ealaíon.<br><br>**D5.**<br>Athbhunaigh an clár chun bualadh leis an gComhairle Ealaíon ag láithreacha réigiúnacha éagsúla nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh. |



| D. FOGHLAIM AGUS LÉARGAS | | |
|---|---|---|
| Páirtithe Leasmhara Ábhartha | Torthaí Inmhianaithe | PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA |
| An Chomhairle Ealaíon<br><br>Ealaíontóirí<br><br>Eagraíochtaí ealaíne<br><br>Lucht déanta Beartas<br><br>Institiúidí 3ú Leibhéal | Aithnítear an Chomhairle Ealaíon mar eagraíocht foghlama dinimiciúil a fheidhmíonn mar bhealach idir an earnáil ealaíon agus clár oibre beartais phoiblí níos leithne. | Éileamh méadaithe ar ionchur / ranníocaíocht na Comhairle Ealaíon thar raon leathan réimsí beartais phoiblí. |
| Earnáil na nEalaíon<br><br>i gCoitinne | Aithnítear ábharthacht agus luach guth cruthaitheach an ealaíontóra agus an cuidiú a thug sé don dioscúrsa poiblí. | Próifíl mhéadaithe an ealaíontóra sna meáin agus i bhfóraim bheartais phoiblí eile in Éirinn. |
| | Mar ghníomhaireacht phoiblí, tá an Chomhairle Ealaíon ar an eolas, agus tá sí ábhartha agus oscailte do ghuthanna agus smaointeoireacht nua agus mhalartach. | Bealaí nua bunaithe chun éisteacht agus dul i ngleic leis an bpobal. |

Aguisín

# Cúlra Forbairtí Beartais

Tógann an polasaí seo ar roinnt blianta fada oibre atá déanta ag an gComhairle Ealaíon, a rinne iarracht aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le cothromas tíreolaíoch. Chomh luath leis na 1970óidí, scrúdaigh Tuarascáil Richards[1] (tag) na míchothromaíochtaí i soláthar geografach na n-ealaíon in Éirinn, agus chuir sé an t-athrú reachtach in iúl don athrú reachtaíochta a chuir ar chumas na n-údarás áitiúil ról níos gníomhaí a imirt i gcur chun cinn agus i dtacú leis na healaíona. Ina dhiaidh sin, tá an ról ríthábhachtach sin cothaithe agus fásta ag straitéis na Comhairle Ealaíon ó na 1980óidí atá dírithe ar réigiúin, sa mhéid is go bhfuil ár gcomhpháirtíocht le rialtas áitiúil mar bhunchloch ár bpleanála spásúla agus déimeagrafacha inniu; ag cinntiú go bhfuil forbairt agus soláthar ealaíon ann i ngach contae in Éirinn, agus tá sé curtha in iúl go straitéiseach trínár gComhaontú deich mbliana le Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach agus sa *Chreatlach don Chomhoibriú*.

Chomh maith leis sin, trí phíosaí tiomnaithe eile d'obair bheartais agus forbartha, tá iarracht déanta ag an gComhairle Ealaíon breithniú cuí a dhéanamh ar an coincheap a bhaineann le freastal tíreolaíoch ina hiarracht chun 'leithead agus cothromaíocht' a chinntiú ina soláthar. Leag pleananna do na healaíona roimhe seo béim ar leith ar iarracht scaipeadh tíreolaíoch leathan a chinntiú maidir le soláthar, agus is mian *lenár straitéis reatha soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann a chinntiú*. Soláthraíonn beartas, a thosaíonn amach le dearcadh na ndaoine a bhaineann nó nach mbaineann leas as soláthar ealaíon in áiteanna ar fud na hÉireann, bonn don Chomhairle Ealaíon cothromas soch-spásúil níos mó a ghlacadh mar cheist lárnach inár gcinnteoireacht agus inár bpleanáil maidir leis na healaíona.

Reáchtáladh an t-athbhreithniú agus forbairt ina dhiaidh sin ar *Bheartas d'Ionaid Ealaíon* in 2019 i gcomhthéacs na gcomhfhreagrachtaí atá ag údaráis áitiúla leis an gComhairle Ealaíon don bhonneagar ríthábhachtach sin. De réir mar a chuirtear an beartas sin i bhfeidhm, éiríonn sé ina chuid lárnach dá bhfuil i gceist leis an mbeartas spásúil seo. Ina theannta sin, d'aithin athbhreithniú na bhféilte beaga agus beartas na bhféilte beaga a tháinig ina dhiaidh sin an tábhacht a bhaineann le *Scéim Infheistíochta na bhFéilte* chun cuspóirí spásúla agus déimeagrafacha níos cothroime a bhaint amach. Mar sin féin, léirigh athbhreithniú níos déanaí ar *Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair* na Comhairle Ealaíon nach raibh aon phatrún infheistíochta spriocdhírithe i gcamchuairteanna sa tréimhse 2014–2018 agus go raibh dáileadh míchothrom ar thionscadail chamchuairte in aghaidh an daonra. Príomhthoradh amháin a bhí ann ná go bhfuil Camchuairteanna agus scaipeadh saothair bunúsach a mhéid agus a bhaineann siad le rannpháirtíocht phoiblí le soláthar ealaíon atá ar ardchaighdeán – *agus riachtanach chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí Bhaile Átha Cliath vs iar-Bhaile Átha Cliath.*

Laistigh d'fhoirmeacha ealaíne éagsúla agus i réimsí ildisciplíneacha cleachtais tá rochtain thíreolaíoch le cur san áireamh, cé nach gcuirtear in iúl go foirmiúil i gcónaí é. Is é príomhphrionsabal bunúsach amháin ná a chinntiú go bhfuil spásanna ann chun ealaín a chruthú agus a chur i láthair ar fud na tíre, go príomha trí chur chuige bunaithe ar *sholáthar réigiúnach* a ghlacadh, agus is minic a bhíonn sé seo mar bhonn le tábhacht straitéiseach na n-eagraíochtaí inár gcláir mhaoinithe. Le linn ár gcuid oibre, tá an Chomhairle Ealaíon ag iarraidh dul i ngleic le raon ábhar imní spásúil – ó scaipeadh tíreolaíoch a chinntiú; le soláthar straitéiseach réigiúnach; chun patrúin braisle uirbeacha a aithint do roinnt ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon (mar shampla, déantóirí amharclannaíochta atá suite gar do chathracha móra); agus ról eagraíochtaí a bhfuil sainchúram náisiúnta nó réigiúnach ainmnithe acu chun dul i ngleic le fadhbanna ar fud na tíre. Chuir uileláithreacht na rannpháirtíochta digití agus na n-ardán fíorúil ardáin eile ar fáil – spás fíorúil – ar a bhfuil rochtain ar na healaíona agus ar chultúr anois le go mbainfidh daoine sult astu, rud nach mór a bheith curtha san áireamh laistigh d'aon anailís ar an lucht féachana agus ar rannpháirtíocht.

Tá tionscnaimh níos déanaí amhail an Clár dar teideal Scoileanna Ildánacha tar éis cur chuige sainráite, spásúil agus déimeagrafach a ghlacadh maidir le roghanna scoile chun dáileadh cothrom-spásúil atá cothrom do chách a chinntiú, a ligfidh do dhaoine a bheith rannpháirteach. Leagann aiseolas ón meastóireacht ar an tionscnamh seo béim ar luach ar leith na hinfheistíochta i scoileanna beaga tuaithe ina bhfuil an cumas ag scála na hinfheistíochta seo tionchar i bhfad níos mó i gcomhréir le scoileanna i suíomhanna uirbeacha níos mó.

Thairis sin, laistigh de chomhthéacs ár gcomhpháirtíocht leanúnach leis an rialtas áitiúil, ligeann athrú ar fhócas straitéiseach leis an coincheap de 'Áit' d'infheistíocht bhreise i dtionscnaimh forbartha fadtéarmacha 'ar an talamh', agus ligeann sé do thús a chur le clár nua dar teideal Áiteanna Ildánacha, a dhíríonn ar dhaoine in áiteanna a bhfuil níos mó gníomhaireachta acu ina bhforbairt chultúrtha áitiúil. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina phríomhionstraim beartais do chothromas soch-spásúil, rud a chinnteoidh go dtabharfaidh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht d'áiteanna nach bhfuil an bonneagar riachtanach acu chun rochtain a fháil ar na healaíona.

Mar fhocal scoir, tá an creat seo leagtha síos laistigh de chomhthéacs agus tá forluí i gceist le polasaithe corparáideacha eile a forbraíodh faoi na cosúlachtaí a bhain le Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, na Beartais Um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht agus maidir le Luach Saothair don Ealaíontóir mar shampla, chomh maith leo siúd atá á bhforbairt, lena n-áirítear Beartas digiteach agus Polasaí Oiriúnaithe Aeráide. Baineann sé freisin laistigh d'fhoirm ealaíne agus réimsí cleachtais ina bhfuil beartas á athnuachan, le hiarratas sonrach don bheartas Ailtireachta.

[1] Provision for the Arts, J.M Richards, 1976,
The Arts Council & The Calouste Gulbenkian Foundation

## COMHTHÉACS NÍOS LEITHNE

Ag an leibhéal náisiúnta, cuireadh bailchríoch ar an dul chun cinn i réimse na pleanála spásúla le Project Ireland 2040, fís uaillmhianach fadtéarmach agus d'fhorbairt bhainistithe i ngach cuid den tír bunaithe ar thuar fianaise maidir le patrúin agus iompraíochtaí lonnaíochta. Níos tábhachtaí fós, tá an phleanáil nasctha go soiléir le hinfheistíocht stáit den chéad uair tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta, le mór-infheistíocht chaipitil tiomanta do suas go dtí 2027 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) agus faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF). Le beocht agus fuinneamh na háite mar phríomhchuspóir, ba chóir go mbeadh na healaíona mar chuid lárnach de na bealaí tacaíochta seo, toisc go bhfuil ról lárnach le himirt acu le beocht agus forbairt áite.

Tá an clár dar teideal Ag Infheistiú inár gCultúr, ár dTeanga & ár nOidhreacht 2018–2027, clár infheistíocht chaipitil don chultúr a seoladh i mí Aibreáin 2018, thar a bheith tábhachtach. Chomh maith le hinfheistíocht shuntasach in institiúidí náisiúnta cultúrtha, áirítear leis seo clár caipitil €40m do bhonneagar cultúrtha réigiúnach agus plean €127m chun infheistíocht a dhéanamh sa Ghaeltacht, sa Ghaeilge agus sna hoileáin. Tá an Scéim Chaipitil Chultúrtha reatha d'eagraíochtaí ealaíon agus cultúir, a ritheann go dtí 2022, dírithe ar fheabhsú agus uasghrádú a dhéanamh ar na háiseanna atá ann cheana féin, ag tabhairt tús áite do thionscadail a laghdaíonn lorg carbóin na heagraíochta agus a mbeidh tionchar fíorúil agus dearfach acu ar an timpeallacht. Tabharfar tús áite freisin do thionscadail a chuireann le cumas breise d'ealaíontóirí agus táirgeadh ealaíne, go háirithe in ionaid ealaíon.

Rolladh sruth maoinithe eile amach mar fhreagra ar an bpaindéim anuraidh, chun ligean d'ionaid ealaíon agus chultúrtha na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh dá spásanna. Tríd an gcreat beartais seo is féidir leis an gComhairle Ealaíon tosaíocht ar leith a thabhairt d'athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar na n-ealaíon reatha ar bhonn spásúil, agus moltaí a dhéanamh ar cad ba chóir díriú air sa chéad bhabhta eile den Scéim Chaipitil Chultúrtha, bunaithe ar riachtanais aitheanta.

Tá an Creat Pleanála Náisiúnta Tionscadal Éire 2040, bunaithe ar réamh-mheastachán fáis daonra de aon mhilliún suas go dtí an tréimhse sin, le 25% den fhás sin i mBaile Átha Cliath, 25% sna ceithre chathair eile le chéile, agus an 50% eile i bpríomhionaid réigiúnacha, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe. Chomh maith leis na cúig chathair, aithnítear cúig bhaile eile mar cheantair lárnacha d'fhás réigiúnach: Sligeach, Baile Átha Luain; Leitir Ceanainn: Doire; agus Droichead Átha/Dún Dealgan: An tlúr, aithníonn an dá cheann ag an deireadh an tábhacht a bhaineann le Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste agus le Conair Eacnamaíochta na Teorann. Leagfaidh fócas réigiúnach do bheartas spásúil na Comhairle Ealaíon béim ar leith ar na cathracha agus na bailte seo.



Aithnítear nádúr tuaithe uathúil na hÉireann, go comhréireach an ceann is mó san Eoraip, le roinnt cuspóirí atá dírithe ar chúrsaí saoil na tuaithe a athghiniúint. *I dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* – Beartas Forbartha Tuaithe 2021–2025; cuirtear creat ar fáil le haghaidh cur chuige tras-rannach maidir le forbairt na tuaithe in Éirinn as seo go ceann cúig bliana. *Tagann an fhís atá aige d'Éirinn tuaithe atá mar chuid lárnach dár bhfolláine agus forbairt náisiúnta eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil, atá bunaithe ar idirspleáchas na gceantar uirbeach agus tuaithe, agus a aithníonn lárnacht na ndaoine, an tábhacht a bhaineann le háiteanna tuaithe atá bríomhar, áitrithe, leis an gcumas poist ar ardchaighdeán a chruthú agus ár dtimpeallacht roinnte a chothú go hiomlán le cuspóirí na Comhairle Ealaíon le go mbeidh cothromas soch-spásúil agus go mbainfear sult as na healaíona agus go ndéanfar iad a chleachtadh go forleathan ar fud na tíre.*

Maidir le polasaí agus forbairt an rialtais, tá ranníocaíocht nach beag déanta ag an gComhairle Ealaíon maidir leis an rud is féidir le héiceolaíocht ealaíon rathúil a dhéanamh d'fhorbairt na tíre ina hiomláine. Ina theannta sin, tá neart fianaise ann anois go náisiúnta (mar shampla, ón staidéar dar teideal Ag Fás Aníos in Éirinn ar rannpháirtíocht chultúrtha leanaí agus daoine óga) agus go hidirnáisiúnta (mar shampla, an t-athbhreithniú fianaise a rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte nó EDS ar na hEalaíona agus Sláinte) a léiríonn tionchar dearfach na n-ealaíon i réimsí amhail oideachas, sláinte, folláine agus cáilíocht na beatha.

**I measc na réimsí comhoiriúnacha ábhartha a chuirfidh an Chomhairle Ealaíon chun cinn a thuilleadh laistigh den chreat beartais spásúil nua seo tá:**

- Fás na n-ealaíon ar bhonn spásúil.
- Chomh maith le luach intreach na n-ealaíon i saol na ndaoine, na buntáistí sonracha cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le dea-sholáthar ealaíon i raon suíomhanna (tuaithe, uirbeacha, bailte beaga, cathracha agus mar sin de) – mar shampla, a gcuidiú le folláine agus cáilíocht na beatha, a ról maidir le carachtar na háite a shainiú, a ról maidir le brí na háite a chruthú agus cuimsiú an phobail a fheabhsú.
- Nádúr inoiriúnaithe na n-ealaíon chun luach níos saibhre a thabhairt do shuíomhanna difriúla le solúbthacht le haghaidh fás dlúth, cliste i gceantair uirbeacha nó do phobail láidre sheasmhacha i gceantair tuaithe.
- An tábhacht a bhaineann le coibhneasacht an scála - réigiún / cathair / baile / comharsanacht / pobal - agus nádúr an tsoláthair a ailíniú dá réir.
- An tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht ar áiseanna – trí iompar poiblí maith agus an rochtain fhisiciúil is fearr agus is féidir a bheith ann.
- An tábhacht a bhaineann le rolladh amach leathanbhanda náisiúnta chun ardáin nua a úsáid chun rochtain a fháil ar na healaíona, agus an gá lenár straitéis ealaíon digiteach a ailíniú go dlúth leis an mbeartas spásúil seo.
- Cuidiú na cruthaitheachta maidir le fiontar, nuálaíocht agus forbairt scileanna.
- Na tionscail ealaíon agus tionscail chruthaitheacha mar earnáil fostaíochta lárnach atá ag fás, le bonneagar tacaíochta riachtanach á sholáthar chuige sin (mar shampla, spásanna oibre d'ealaíontóirí. Dánlanna, Ionaid Ealaíon).

**An Chomhairle Ealaíon**
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
D02 NY52

**artscouncil.ie**
facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Lóghlao 1850 392 492